| **Policy Title:** | Polasaí Teanga Institiúid Oideachais Marino |
|---|---|
| **Description:** | Leagtar amach sa pholasaí seo dúthracht Institiúid Oideachais Marino an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga bheo i measc bhaill na hInstitiúide, i measc mhic léinn na hInstitiúide agus sa chóras bunoideachais i gcoitinne ar fud na hÉireann. |
| **Author (Position):** | Ceann Roinn an Bhéarla agus Roinn na Gaeilge, Institiúid Oideachais Marino, an tOifigeach Gaeilge agus an Stiúrthóir Margaíochta |
| **Version:** | 1 |
| **Approved By:** | MIE Governing Body |
| **Policy Re-approval Date:** | June 2023 |
| **Date of Next Policy Review:** | June 2027 (or as necessary) |

# Polasaí Teanga Institiúid Oideachais Marino

## 1. Comhthéacs

Polasaí Teanga Institiúid Oideachais Marino atá sa doiciméad seo ina leagtar síos polasaí na hInstitiúide maidir le teangacha i gcoitinne agus go háirithe maidir leis an nGaeilge a chur chun cinn mar theanga. Sa Pholasaí Teanga feictear aidhmeanna na hInstitiúide agus an fhís atá ag an Institiúid. Ba chóir Polasaí Teanga na hInstitiúide a léamh taobh le taobh le Scéim Teanga na hInstitiúide. Sa Scéim Teanga déantar cur síos ar an staid reatha, ar a bhfuil bainte amach cheana féin agus ar a bhfuil le baint amach san am atá ag teacht.

Is iad an Béarla agus an Ghaeilge teangacha cumarsáide na hinstitiúide. Tá cainteoirí dúchais agus nuachainteoirí i measc lucht labhartha na Gaeilge san Institiúid. Bíonn éagsúlacht teangacha á labhairt ag pobal Marino freisin. Léirítear meas ar na teangacha sin ar fad, agus déantar ceiliúradh orthu agus ar na cultúir a ghabhann leo. Tá stádas bunreachtúil ag an mBéarla agus is í an teanga sin an phríomhtheanga a úsáidtear san Institiúid. Is í an Ghaeilge céad teanga oifigiúil an Stáit agus tá ról an-tábhachtach aici i saol na hinstitiúide chomh maith. Mar gheall ar an tiomantas atá ag Institiúid Oideachais Marino do chur chun cinn an oideachais, tuigimid an ról speisialta a bhíonn ag oideachasóirí, go háirithe múinteoirí bunscoile agus oideachasóirí naíonra, sa tionscadal náisiúnta chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Is cúis bhróid dúinn go bhfuil an Baitsiléir san Oideachas trí mheán na Gaeilge ar siúl i Marino, agus go bhfuil deis ag mic léinn ar go leor de na céimeanna eile tabhairt faoi léachtaí sa Ghaeilge nó tabhairt faoi mhodúl/rang roghnach sa Ghaeilge. Is féidir le mic léinn ar na cláir ar fad rogha a dhéanamh díriú ar an gcomhthéacs lán-Ghaeilge sa tráchtas a dhéanfaidh siad.

Tá traidisiún láidir ag an Institiúid maidir le freastal a dhéanamh ar an nGaeilge agus ar an earnáil Lán-Ghaeilge. Go dtí lár na 1970óidí in IOM thugtaí na cúrsaí oideachais ar fad do bhunmhúinteoirí trí mheán na Gaeilge agus fiú amháin ina dhiaidh sin choinnigh IOM an dea-ainm a bhí aici ó thaobh na Gaeilge mar gheall ar iarrachtaí na foirne agus na mac léinn. Tá os cionn 270 bunscoil Lán-Ghaeilge ar oileán na hÉireann inniu. Tá an Institiúid ag freagairt don riachtanas bunmhúinteoirí a sholáthar a bhfuil ardchumas sa Ghaeilge acu agus a bhfuil sé ar a gcumas ábhair uile an Churaclaim a mhúineadh trí mheán na

Gaeilge. Tríd an gcur chuige comhphleanála, roinneann léachtóirí ar an gclár BEd, PME agus BOid áiseanna teagaisc le chéile. Is féidir leis na léachtóirí ar an BEd agus PME na háiseanna atá cumtha ag foireann an BOid a roinnt le mic léinn a roghnaíonn socrúchan scoile a dhéanamh i suíomh lán-Ghaeilge. Tá scéim scoláireachta ag an Institiúid chun mic léinn a spreagadh le tabhairt faoi shocrúchán scoile sa Ghaeltacht. Sular iarr an Roinn Oideachais agus Scileanna ar an Institiúid Baitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge a thabhairt bhí sruth Lán-Ghaeilge ag an Institiúid chun freastal ar riachtanais na mac léinn a raibh spéis léirithe acu múineadh i scoileanna Gaeltachta nó i scoileanna Lán-Ghaeilge.

Tá sé mar aidhm ag an Institiúid, an oiread agus is féidir, fostaithe a earcú a bhfuil sé ar a gcumas a ngnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge nuair a bhíonn siad ag déileáil le baill foirne eile nó le mic léinn a dteastaíonn uathu Gaeilge a úsáid, bíodh sé sin in Oifig an Chláraitheora, sa Leabharlann nó in aon oifig eile.

## 2. Cuspóir

Leagtar amach sa pholasaí seo dúthracht Institiúid Oideachais Marino an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga bheo i measc bhaill na hInstitiúide, i measc mhic léinn na hInstitiúide agus sa chóras bunoideachais i gcoitinne ar fud na hÉireann.

Is é an príomhchuspóir atá leis an bpolasaí seo ná creatchóras a chur ar fáil do chur chun cinn na Gaeilge san Institiúid san am atá romhainn ionas gur féidir cur le líon na gcainteoirí gníomhacha i bpobal na hInstitiúide agus gur féidir freastal ar riachtanais na gcainteoirí sin trí leas a bhaint as modhanna atá praiticiúil, éifeachtach agus cuiditheach.

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí gach trí bliana nó mar is gá, de réir mar a thagann athrú ar chúinsí éagsúla.

Baineann an polasaí seo le gach ball foirne agus le gach mac léinn san Institiúid. Na seirbhísí ar fad a luaitear sa pholasaí seo baineann siad le gach ball foirne agus le gach mac léinn san Institiúid agus tá sé mar aidhm ag an bpolasaí seo go rachaidh sé chun tairbhe don uile dhuine san Institiúid. Cuirfear tacaíocht ar fáil maidir leis an bpolasaí seo a chur i bhfeidhm a bheidh ar fáil ag gach ball foirne agus ag gach mac léinn san Institiúid.

Tá an Institiúid meáite ar pholasaí teanga a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm atá i gcomhréir leis an reachtaíocht a bhaineann le hábhar. Tugtar faoi deara go bhfuil sé d'aidhm le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus le Rialacháin na bliana 2008 "líon agus caighdeán na seirbhísí trí Ghaeilge a chuireann comhlachtaí poiblí ar fáil don phobal a mhéadú agus a fheabhsú, ar bhealach eagraithe, thar thréimhse ama." Tuigtear go bhfuil sé de dhualgas ar an Institiúid Scéim Teanga a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm atá de réir na reachtaíochta agus atá ag teacht leis an bpolasaí seo. Aithnítear i bPlean Straitéiseach na hInstitiúide 2021 – 2026 go bhfuil "sé de chuspóir straitéiseach againn cur le forbairt pobal bríomhar Gaeilge, agus rochtain ar oideachas d'ardchaighdeán i nGaeilge a chur ar fáil dóibh siúd ar mian leo é sin."

## 3. Coiste na Gaeilge

Is é seo a leanas comhdhéanamh Choiste na Gaeilge: an tUachtarán, Oifigeach na Gaeilge, Ceann Roinn an Bhéarla agus Roinn na Gaeilge, Bainisteoir an Ionaid Chomhdhála, an tOifigeach Cumarsáide, ionadaí deonach ón bhfoireann agus ionadaithe ó Aontas na Mac Léinn, mar atá Oifigh an Chumainn Ghaelaigh. Is é príomhghnó Choiste na Gaeilge féachaint chuige go bhfuil gach iarracht á déanamh an Polasaí Teanga agus an Scéim Teanga a chur i bhfeidhm agus go ndéantar athbhreithniú orthu go rialta. Déanfaidh Oifigeach na Gaeilge monatóireacht ar an reachtaíocht faoin teanga agus ar chur i bhfeidhm an Pholasaí Theanga agus na Scéime Teanga. Beidh Oifigeach na Gaeilge ar fáil chun aon ábhar a bhaineann leis an bPolasaí nó leis an Scéim a phlé le haon bhall foirne nó le haon mhac léinn ón Institiúid nó le haon duine nó dream seachtrach a bhaineann úsáid as seirbhísí na hInstitiúide. Beidh Oifigeach na Gaeilge ar fáil freisin chun dul i gcomhairle le hOifig an Choimisinéara Teanga nuair is cuí sin a dhéanamh.

## 4. Seirbhísí

4.1. Tacaíocht Acadúil

i. Uaireanta Teagmhála: Cinnteofar go gcuirfear dóthain uaireanta teagmhála (léachtaí, seimineáir) ar fáil do na mic léinn ar an BEd, BOid agus PME chuirfidh ar a gcumas an Ghaeilge a úsáid go muiníneach agus go héifeachtach leis an bpobal scoile. Cinnteofar go mbeidh modúl roghnach/ ranganna roghnacha Gaeilge/imeachtaí Gaeilge agus dátheangacha ar fáil do mhic léinn ar na cláir eile.

ii. Áiseanna: Tá bailiúchán d'áiseanna ar fáil san institiúid a thacóidh le mic léinn an Ghaeilge a mhúineadh i scoil lán-Bhéarla, i scoil lán-Ghaeilge agus i scoil Ghaeltachta chomh maith le suíomhanna luathóige. Bíonn fáil ag mic léinn ar an mbailiúchán sin agus bíonn deis acu cur leis.

iii. Aischothú: Déanfar measúnú foirmitheach agus suimitheach ar na mic léinn agus tabharfar an oiread aischothaithe agus is féidir do na mic léinn i rith agus ag deireadh na bliana chun cabhrú lena bhfoghlaim.

iv. Lorgófar aischothú ó na mic léinn ag deireadh gach modúil ionas gur féidir an tseirbhís a chuirtear ar fáil do na mic léinn ó bhliain go bliain a fheabhsú.

4.2. Oifigí le Gaeilge

i. Beidh seirbhís ar fáil trí Bhéarla agus trí Ghaeilge sna hoifigí seo a leanas:

a. Oifig an Uachtaráin
b. Oifig an Chláraitheora (An Oifig Iontrálacha, An Oifig Rochtana, Oifig Tacaíochta na Mac Léinn)
c. An Leabharlann
d. Oifig an tSocrúcháin Scoile
e. An Oifig Fáilte
f. An tIonad Comhdhála
g. Oifig na Gaeilge agus An Oifig Mhargaíochta
h. Aontas na Mac Léinn

4.3. Comharthaíocht

i. Comharthaí: Déanann an Institiúid gach iarracht fógraíocht agus fógraí trí Ghaeilge chomh maith le fógraí dátheangacha a bheith le feiceáil ar champas na hInstitiúide agus ar mheáin éagsúla na hInstitiúide: suíomh greásáin, cuntas Instagram agus cuntas Twitter MIE san áireamh.

ii. Fógraí: Grúpaí ón taobh amuigh a bhfuil baint acu leis an nGaeilge agus a thógann seomraí ar cíos le haghaidh cruinnithe, féachtar chuige gur fógra i nGaeilge a chuirtear ar dhoras an tseomra sin agus ar an mbord sa bhialann a bhíonn curtha in áirithe ag an ngrúpa.

4.4. Scéim Cónaitheach na Gaeilge

Tá Bloc Gaeilge ar fáil ar an gcampas chun mic léinn a spreagadh an Ghaeilge a úsáid mar theanga shóisialta lasmuigh de na léachtaí. Tá mic léinn na Chéad Bhliana in ann úsáid a bhaint as na sparánachtaí a gheobhaidh siad chun cabhrú leo costas an lóistín a íoc. Mar chuid de choinníollacha na sparánachtaí, glacann na mic léinn ról mar bhaill ghníomhacha de Chumann Gaelach na hInstitiúide agus bíonn siad ag comhoibriú leis an Oifigeach Gaeilge an Ghaeilge a chur chun cinn.

4.5. Socrúchán Scoile agus Socrúchán Oibre trí mheán na Gaeilge

i. Suíomhanna: Is féidir le mic léinn socrúchán scoile nó socrúchán oibre a dhéanamh i suíomh lán-Ghaeilge.

ii. Insítear do na mic léinn faoi na tacaíochtaí atá ar fáil ar Moodle, mar shampla, teimpléid don Chur Chuige de Réir Téamaí don Phleanáil, teimpléid do scéimeanna agus do cheachtanna, samplaí de scéimeanna agus de cheachtanna sna hábhair churaclaim éagsúla. Cuirtear ar fáil freisin, foclóir a chabhróidh leis na mic léinn cuspóirí agus torthaí foghlama do cheachtanna a scríobh, nathanna cainte a chabhróidh leo meastóireachtaí ar cheachtanna agus ar laethanta a scríobh, agus samplaí d'fhógraí don seomra ranga. Roinntear áiseanna digiteacha do mhúineadh éifeachtach na Gaeilge ar na meáin shóisialta (mar shampla leathanach @sceitimineach) agus bíonn deis ag mic léinn cur leis na háiseanna. Cuirtear naisc ar fáil freisin chuig suíomhanna idirlín ar a bhfuil ábhar a chabhróidh leo sa seomra ranga. Tá lámhleabhar ar fáil do mhic léinn le tacú leo tabhairt faoin scriíbhneoireacht ghairmiúil ar shocrúchán scoile. Tá treoir ann maidir le múnlaí coitianta cainte, áiseanna Gaeilge agus suíomhanna idirlín.

iii. Sa tSeachtain Ullmhúcháin roimh Shocrúchán Scoile, cuirtear seisiúin phleanála ar fáil do mhic léinn a bheidh ag múineadh trí mheán na Gaeilge. Bíonn deis ag mic léinn leabhair agus áiseanna cuí a thógáil ar iasacht ó Sheomra na Gaeilge i rith na seachtaine sin. Tá fáil ag an bhfoireann agus ag mic léinn ar bhogearraí chun tacú le cruinnscríobh na Gaeilge.

iv. Le linn an tSocrúcháin Scoile bíonn cianrochtain ag mic léinn ar PowerPoint inste a phléann míreanna gramadaí a bhíonn in úsáid acu sa seomra ranga.

4.6 Ranganna Gaeilge don Fhoireann

Is féidir le baill foirne tabhairt faoi ranga Gaeilge ar champas Marino nó in eagraíochtaí seachtracha a chuireann ranganna ar fáil. Clúdaíonn an Institiúid an costas a bhaineann leis na cúrsaí sin. Tugtar tacaíocht do bhaill foirne ar mian leo tabhairt faoi scrúduithe TEG.

## 5. Baitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge

5.1. An Earnáil Lán-Ghaeilge: Tá éileamh mór ag teacht ó scoileanna Lán-Ghaeilge agus ó scoileanna Gaeltachta múinteoirí a chur ar fáil le hardchumas sa Ghaeilge agus an cumas acu ábhair uile an Churaclaim a mhúineadh go héifeachtach trí mheán na Gaeilge. Faigheann an Institiúid roinnt mhaith mac léinn ó na Gaeltachtaí agus ó scoileanna lán-Ghaeilge. Roghnaíonn a bhformhór socrúchán scoile a dhéanamh trí mheán na Gaeilge agus nuair a fhágann siad an Institiúid bíonn siad ag iarraidh poist a fháil san earnáil Lán-Ghaeilge. Freagraíonn an Institiúid don éileamh sin ó na scoileanna agus ó na mic léinn trí bheith chomh dátheangach agus is féidir sna léachtaí sna hábhair churaclaim agus trí chabhrú leis na mic léinn socrúchán scoile a dhéanamh trí mheán na Gaeilge i scoil Ghaeltachta nó i scoil Lan-Ghaeilge.

Cuireadh tús leis an mBaitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge i Meán Fómhair 2019 chun tacú le mic léinn ar mian leo múineadh trí mheán na Gaeilge i scoileanna Gaeltachta nó i scoileanna lán-Ghaeilge. Is i nGaeilge a chuirfear nótaí ar fáil do na mic léinn sna léachtaí agus ar Moodle.

i. Tá sé de rogha ag na mic léinn ar an BOid agus ar an chéim eile, a ngnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge san Institiúid. Ina theannta sin, spreagtar mic léinn an BOTMG an Ghaeilge a úsáid mar ghnáth-theanga labhartha taobh amuigh den chúrsa agus ar na meáin chumarsáide éagsúla agus ar na hardán éagsúla (cuntas an Chumainn Ghaelaigh ar Instagram mar shampla) chomh maith le gnáth-theanga labhartha ar champas IOM. Cruthaítear deiseanna do mhic léinn an BOTMG agus mic léinn na hInstitiúide cur lena dteagmháil le pobal na Gaeilge trí imeachtaí éagsúla a reachtáil ar champas na hInstitiúide maidir le cainteanna éagsúla leo siúd atá bainteach le saol na Gaeilge agus ceardlanna leis na meáin Ghaeilge mar chuid de Sheachtain na Gaeilge agus, deis freastal ar fhéilte amhail Oireachtas na Samhna.

ii. Cuirtear béim ar thorthaí foghlama a bhaineann leis an teanga agus leis an ábhar sna léachtaí ar an BOid. Cuirtear béim ar an litearthacht dhisciplíneach sa Ghaeilge sna bonnstaidéir. Coimeádann na mic léinn fillteán FCÁT le linn na gceithre bliana ina ndéanann siad nóta de theanga a bheidh úsáideach acu do mhúineadh an ábhair, de theanga shóisialta na bpáistí, agus de theanga riachtanach an mhúinteora Socrúchán Scoile: Is trí mheán na Gaeilge amháin a dhéanfaidh gach mac léinn ar an mBaitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge socrúchán oibre Sa Cheathrú Bliain déanfaidh gach mac léinn an tArdsocrúchán Scoile i scoil Ghaeltachta. Tacaíonn Institiúid Oideachais Marino le costas lóistín agus taistil a bhaineann leis an Ardsocrúchán Scoile sa Ghaeltacht.

iii. An Ghaeltacht: Rachaidh mic léinn na Chéad Bhliana go dtí an Ghaeltacht ar feadh coicíse um Cháisc don Chéad Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht. Rachaidh siad go dtí an Ghaeltacht arís sa Dara Bliain ar feadh coicíse um Cháisc don Dara Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht. Beidh siollabais ar leith a oireann don oideachas trí mheán na Gaeilge á leanúint ag na mic léinn ar na Tréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht. Íocfaidh na mic léinn táillí na dTréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht.

## 6. Teanga agus Cultúir

Tá Institiúid Oideachais Marino bródúil ar an áit thábhachtach atá ag an nGaeilge i saol na hInstitúide chomh maith leis an gceiliúradh a dhéantar ar an éagsúlacht teangacha agus cultúr. Eagraíter imeachtaí lán-Ghaeilge agus imeachtaí dátheangacha nó ilteangacha chun tacú le cainteoirí dúchais agus nuachainteoirí i bpobal Marino. Bíonn deiseanna ag mic léinn ilteangacha ar an gcampas teacht le chéile chun malartú teanga a dhéanamh. Go dtí seo bhí malartú teanga ann don Araibís, Gaeilge agus Béarla.

Reachtáiltear Clinicí Leabhar don fhoireann agus do na mic léinn inar féidir leo breathnú ar leabhair Ghaeilge, Bhéarla agus pictiúrleabhair gan fhocail, is féidir a úsáid chun feasacht idirchultúrtha a chur chun cinn. Déantar iarracht imeachtaí eile dátheangacha a eagrú san Institiúid, mar shampla, An tSeachtain Ghals.

## 7. Na Meáin Chumarsáide

7.1. Preasráitis

Uachtarán na hInstitiúide a bheidh freagrach as aon phreasráitis a eiseoidh an Institiúid. Aon phreasráitis a bhaineann leis an nGaeilge, eiseofar i nGaeilge iad agus i mBéarla chomh maith, de réir mar a oireann.

7.2. Agallaimh le hIriseoirí Gaeilge Nuachtán, Raidió agus Teilifíse

Nuair a lorgaíonn iriseoirí Gaeilge Nuachtán, Raidió agus Teilifíse agallaimh is í Uachtarán na hInstitiúide a ainmneoidh an duine/na daoine ón bhfoireann a thabharfaidh na hagallaimh sin. Cinnteofar go mbeidh ardchumas Gaeilge ag an duine/na daoine sin i gcónaí.

7.3 Cumarsáid le mic léinn reatha agus ionchasacha

Cruthaíodh cuntais meáin shóisialta éagsúla trí mheán na Gaeilge do chlár an Bhaitsiléara san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge agus úsáidtear na cuntais seo chun fógraí agus eolais faoin gcéim a roinnt trí mheán na Gaeilge agus an chéim

a chur chun cinn. Tugann na cuntais seo deis dhigiteach do phobal na céime/dóibh siúd le spéis sa chéim teacht le chéile agus an teanga a úsáid.

Cruthaíodh foroinn dátheangach don Bhaitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide agus roinntear eolais faoin gcéim agus próiseas an CAO, físeáin eolais faoin gcéim agus freagraítear ceisteanna coitianta do dhaoine le spéis sa chéim.

7.4 Cúrsaí Margaíochta

Cuireadh tús le feachtas Margaíochta an Bhaitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge i Meán Fómhair 2018 agus reáchtáiltear feachtas nua gach bliain ó shin. Glacann grúpa éagsúla mic léinn ó chéim an BOTMG páirt i bhfeachtas ar na meáin shóisialta idir físeáin agus postálacha éagsúla chun an chéim a chur chun cinn. Bíonn cúrsaí Margaíochta an Bhaitsiléara san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge faoi stiúr an Stiúrthóra Margaíochta don chéim. Cruthaítear ábhar bolscaireachta éagsúla gach bliain atá ar fáil trí mheán na Gaeilge nó go dátheangach a scaiptear i measc daltaí i nGaelcholáistí agus Meánscoileanna Gaeltachta ach go háirithe. Freisin, tugann Stiúrthóir Margaíochta an Bhaitsiléara san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge cuairt ar scoileanna éagsúla ar fud na tíre i rith na bliana mar chuid den fheachtas margaíochta chun na deiseanna a bhaineann le céim trí mheán na Gaeilge agus buntáistí na teanga a roinnt le daltaí ionchasacha.